
# Reifreann in Ollscoil na Banríona




Eochairfhocail: comharthaíocht dhátheangach, Aontas na Mac Léinn, reifreann, láthair oibre neodrach

Príomhscileanna: éisteacht, scríobh, léitheoireacht, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cérbh é ábhar an reifrinn a bhí ar siúl in Ollscoil na Ríona?
2. Cathain a baineadh anuas na comharthaí dátheangacha in Aontas na Mac Léinn san ollscoil?
3. Cén fáth a raibh díomá ar Dháiríne Nic Pilib nuair a tháinig sí go hOllscoil na Ríona?
4. Cén fáth ar baineadh an chomharthaíocht dhátheangach anuas sa bhliain 1997?
5. Cén ollscoil ina n-oibríonn Máirín Hurndall?
6. Cén dream atá ag eagrú an reifrinn seo?
7. Cé mhéad achainí a bhailigh Cumann Gaelach na hOllscoile coicís ó shin?
8. Conas is féidir le mic léinn vótaí a chaitheamh sa reifreann seo?
9. Cad é dáta deiridh na vótála sa reifreann?
10. Ar mhaith leat freastal ar an ollscoil tar éis na hArdteiste? Cén cúrsa a mbeadh spéis agat ann?



Gníomhaíocht Smaointeoireachta


**Ag obair le do pháirtí ranga, féachaigí ar an bhfíseán arís agus aimsígí an bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach**

| | |
|---|---|
| Tá reifreann ar siúl an tseachtain seo in Ollscoil na Gaillimhe | |
| Is í an chomharthaíocht dhátheangach in Aontas na Mac Léinn ábhar an reifrinn seo | |
| Bhíodh comharthaíocht dhátheangach le feiceáil in Aontas na Mac Léinn deich mbliana ó shin | |
| Tá Cumann Gaelach na hOllscoile ag moladh gan aon chomharthaíocht dhátheangach a bheith le feiceáil in Aontas na Mac Léinn | |
| Níor fhreastail Dáiríne Nic Pilib ar ghaelscoil nó ar ghaelcholáiste | |
| Baineadh an chomharthaíocht dhátheangach anuas ó Aontas na Mac Léinn i mí Lúnasa 1997 | |
| Tá Cumann na nAontachtóirí Óga ag moladh nach gcrochfaí comharthaíocht dhátheangach in Aontas na Mac Léinn | |
| Is iad Aontas na Mac Léinn a dhéanfaidh na vótaí a chomháireamh | |
| Caithfidh mic léinn vóta a chaitheamh trí litir a sheoladh sa phost | |
| Is i ndeisceart Bhéal Feirste atá Ollscoil na Banríona suite | |

Idirghníomhaíocht Labhartha:

**Ag obair le do pháirtí ranga, glacaigí beirt dhá thaobh éagsúla an reifrinn. Breacaigí síos 3 chúis an duine a thacaíonn le do sheasamh. Ansin, déan na cúiseanna sin a chur i láthair os comhair do pháirtí. Cabhróidh an foclóir seo a leanas libh.**

- ionchuimsitheacht
- cearta teanga
- bagarthach
- an Ultais
- mionteangacha eile
- náisiúnaithe
- aontachtóirí
- daoine neodracha
- an córas mar a bhí
- comhionannas
- cur i gcéill
- easpa tacaíochta



## Freagraí

1. comharthaíocht dhátheangach a thabhairt thar nais go hAontas na Mac Léinn san ollscoil
2. sna 1990idí
3. toisc nach bhfaca sí an Ghaeilge mórthimpeall an champais
4. Dúirt an Coimisiún Fostaíochta nach raibh an chomharthaíocht dhátheangach ag teacht le láthair oibre neodrach
5. Ollscoil na Banríona/Ríona
6. Aontas na Mac Léinn san ollscoil
7. Breis is 650 síniú
8. Ar líne
9. 19 Márta

1. F
2. F
3. B
4. B
5. B
6. F
7. B
8. F
9. B
10. F

